# Aonad Oibre Samplach 1
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB)/ Sonraíocht Teanga | Curaclam Matamaitice na Bunscoile (CMB)/ Sonraíocht ETIM |
|---|---|
| **TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE** Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga.<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…*<br>**TF4 - Struchtúr abairte agus gramadach**<br>Caithfidh mé an t-eitleán, gluaisfidh sé, úsáidfidh mé ceintiméadair/méadar, caithfidh mé mála tae tirim/fliuch<br>**TF 5- Stór Focal**<br>Tá milliméadair agus ceintiméadair ar rialóir. Tá ceintiméadair ar shlat mhéadair/ar an roth tomhais<br>**TF6 - Léiriú Tuisceana**<br>Tabhair buille faoi thuairim, scríobh síos/déan taifead ar….Déanfaimid an fad a ghluais gach rud a thaispeáint ar ghraif | **Snáithe:** Tomhais<br>**Snáithaonad:** Ag tomhas<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...*<br>• teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach<br>• tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú |

| Cleachtais Oideolaíochta & Gnéithe CMB | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| **Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraíocht ETIM, lch 82)**<br>·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid.<br>·Comhrá mata a chur chun cinn.<br>·Meon táirgiúil a chothú.<br>·Spraíúlacht a spreagadh.<br>·Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil.<br>**Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25/ Sonraíocht ETIM, lch 81) seo a leanas:**<br>Cumarsáid:m.sh. smaointeoireacht a shamhaltú agus a léiriú ar bhealaí éagsúla<br>·Tuiscint agus Ceangal:m.sh. idirghníomhú agus comhoibriú le piaraí<br>·Réasúnaíocht: m.sh. argóint a dhéanamh ar a son a gcuid smaointeoireachta agus í a chosaint<br>·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige | **Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>**Torthaí Foghlama na Gaeilge:** An raibh na páistí in ann abairtí bunúsacha a úsáid (TF4)? An raibh na páistí in ann stór focal oiriúnach a úsáid (TF5)? An raibh na páistí in ann treoracha gearra a leanúint (TF6)?<br>**Torthaí Foghlama Churaclam Matamaitice na Bunscoile:** An raibh na páistí in ann teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach? An raibh na páistí in ann tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú?<br>**Ceistiúchán:** D'fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br>**Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú:** Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br>**Dialann an mhúinteora:** D'fhéadfaí nótaí a choinnéail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>**Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí tomhais? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

# Aonad Oibre Samplach 1
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga*:*** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora | Teanga na bPáistí |
|---|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br><br>**Teanga na nGníomhaíochtaí**<br>fad, milliméadar, ceintiméadair, méadar, rialóir, slat méadair, roth tomhais<br>deich,céad, míle<br>ag caitheamh, fad a mheas, fad a thomhais, úsáidfidh sibh/D'úsáid sibh, gluaisfidh sé/Ghluais | **Teanga na nGníomhaíochtaí (ar lean):**<br>Táimid chun mála tae a chaitheamh.<br>Cén fad a ghluaisfidh an mála tae?<br>Cad a cheapann sibh?<br>An bhfuil tú ábalta an fad a mheas?<br>Tabhair buille faoi thuairim.<br>Conas a dhéanfaimid an fad a thomhas?<br>An úsáidfidh sibh milliméadair, ceintiméadair, méadair nó ciliméadair?<br>Scríobh síos/Déan taifead ar do bhuille faoi thuairim.<br>Cén fad ar ghluais sé (an uair seo)?<br>Cad é an difríocht?<br>An úsáidfidh sibh caitheamh os cionn láimhe nó caitheamh aníos?<br>An úsáidfidh sibh an lámh is láidre nó an lámh is laige agaibh? Cén fáth?<br>Cén difríocht a dhéanfaidh sé?<br>Scríobh síos/Déan taifead ar do fhreagra. | **Foghlaim teanga an pháiste**<br>Is é mo mheastachán ná ....<br>fad, milliméadar, ceintiméadair, méadar rialóir, slat méadair, roth tomhais<br>deich,céad, míle<br>ag caitheamh, fad a mheas, fad a thomhais, úsáidfidh sibh/D'úsáid sibh, gluaisfidh sé/Ghluais<br>Úsáidfidh mé milliméadar, ceintiméadair, méadar, ciliméadar. Caithfidh mé mála tae tirim/fliuch.<br>Gluaisfidh sé ……<br>Ghluais sé níos faide/níos giorra.<br>Úsáidfidh mé an lámh is láidre/is laige.<br>Úsáidfidh mé caitheamh os cionn láimhe.<br>Úsáidfidh mé caitheamh aníos.<br>Úsáidfidh mé pónaireán, liathróid leadóige, liathróid chispheile, friosbaí, sleá ..<br>Féach an difríocht!<br>Gluaisfidh sé xxxx méadar …....<br>Tá difríocht xxxx ann….<br>Ghluais an ….. an fad is mó/ an t-achar is faide<br>Ghluais an …… an fad is lú/an t-achar is giorra |

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Luathchumarsáid agus Réamhghniomhaiocht

**Réamh-mhuineadh na teanga:**

*Ar shleamhnáin 5 go 23 tá sraith de ghníomhaíochtaí féidearthachta do cheachtanna Gaeilge chun na páistí a ullmhú don cheacht Mata. Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do do chomhthéacs ranga féin.*

**Gníomhaíocht 1: Buille faoi thuairim** (Sleamhnáin 5&6)  Tosaigh le cluichí Buille faoi thuairim. Ansin nuair a thosaíonn tú ag úsáid an focal meastachán abair: *déan buille faoi thuairim, cad a mheasann tú/ hmmm cad a cheapann tú?* Úsáid pictiúir chun an téarma 'meas' a léiriú.

**Gníomhaíocht 2: Cór ag Comhaireamh** (Sleamhnán 7) Roinn na páistí i dtrí ghrúpa agus tabhair treoracha éagsúla do na trí ghrúpa. Grúpa 1: *Bígí ag comhaireamh in aonaid - a haon, a dó, a trí.* Grúpa 2: *Bígí ag comhaireamh i ndeicheanna - m.sh. a trí déag, a fiche trí, a tríocha trí.* Grúpa 3: *Bígí ag comhaireamh i gcéadta - m.sh. aon chéad is a dó dhéag, dhá chéad is a dó dhéag, trí chéad is a dó dhéag.* **Moltar gníomhaíochtaí comhairimh a dhéanamh go laethúil.**

**Gníomhaíocht 3: Fizz Buzz as Gaeilge** (Sleamhnán 8) Seasaigí i gciorcal. Tosóidh duine ag comhaireamh. Duine i ndiaidh duine, abair an chéad uimhir eile. ACH i gcomhair gach iolra de 3 abair *fizz*, agus i gcomhair gach *iolra* de 5 abair buzz. Mar seo: *aon, dó, fizz, ceathair, buzz, fizz, seacht, ocht, fizz, buzz, aon déag, fizz, ceathair déag....*

**Gníomhaíocht 4: Aimsigh na Patrúin** (Sleamhnáin 9&10)Taispeáin an sleamhnán do na páistí. Iarr orthu obair le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar aon phatrún a fheiceann siad sa téacs maidir le comhaireamh 1-10 ag baint úsáid as mm, cm, m, km. Iarr ar gach grúpa an patrún a thug siad faoi deara a insint don rang. Déan na patrúin atá aimsithe acu a fhíorú nó a bhréagnú agus tar éis do gach grúpa a bpatrún a roinnt, pléigh an riail maidir le bheith ag comhaireamh le haonaid tomhais - 1-6 + séimhiú, 7-10 + urú, an tuiseal ainmneach uatha a úsáidtear tar éis na huimhreach. Tá naisc do shraith de phóstaeir ar shleamhnán 10 a bhaineann le comhaireamh. Tar éis do na páistí an riail a oibriú amach iad féin ó Shleamhnán a 9, bheadh sé go maith na póstaeir seo a chrochadh sa scoil mar mheabhrúchán.

**Gníomhaíocht 5: Uirlisí Tomhais - Cluiche Kim** (Sleamhnáin 11-20) Taispeáin sleamhnán 12 do na páistí agus dírigh aird na ndaltaí ar na huirlisí a úsáidtear chun tomhais a mheas - rialóir, slat méadair, roth tomhais, miosúr. Tá pointe teagaisc maidir leis na huirlisí tomhais seo ar fáil ar shleamhnán 11. Imir cluiche Kim leis na páistí chun na focail seo a mhúineadh dóibh ag baint úsáid as sleamhnáin 12-20.

**Gníomhaíocht 6: Firicí suimiúla faoi thomhais** (Sleamhnáin 21&22) Taispeáin na firicí ar shleamhnáin 21 agus 22 do na páistí maidir le curiarrachtaí a bhaineann le tomhais. Iarr orthu meastachán a dhéanamh ar na huirlisí agus/nó na haonaid tomhais a úsáideadh chun an fad a thomhas sa dá churiarracht.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice** (Sleamhnáin 23-25) Roinn an rang i ngrúpaí de triúr/cheathrar. Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag caitheamh m.sh málaí tae (pónaireán, liathróid, sleá srl) Beidh orthu fad an chaithimh a mheas agus a thomhas. Beidh ar na páistí an uirlis tomhais is oiriúnaí a roghnú m.sh rialóir, slat méadair, roth tomhais srl. **(Gnéithe: Cumarsáid, Tuiscint agus Ceangal)**

*Cad atá le caitheamh? P: Úsáidfidh mé ...Cén t-aonad méadrach a bheadh oiriúnach don tasc seo? Cén fáth? An bhfuil tú in ann an fad a mheas? Tabhair buille faoi thuairim. An mbeidh mm, cm, m nó km in úsáid agat? Déan meastachán (buille faoi thuairim)-cé chomh fada is a rachaidh sé? Roghnaigh an uirlis tomhais is oiriúnaí m.sh rialóir, slat mhéadair, roth tomhais?*

Ar dtús déanann na páistí meastacháin ar fhad an chaithimh. Ansin caitheann gach dalta mála tae. Mar ghrúpa, oibríonn siad le chéile chun fad gach caitheamh a thomhas ceann ar cheann. Arís coimeádann siad taifead. Ar deireadh pléann na paistí na difríochtaí idir na torthaí agus na meastúcháin ina ngrúpaí agus mar rang. Ina ngrúpaí roinneann na páistí a meastúcháin agus an réasúnaíocht atá taobh thiar dóibh. Pléigh leis an rang ansin na bealaí ar féidir an t-eolas seo a léiriú - ilbharrachairt, barrachairt iolrach, **(Gnéithe: Cumarsáid/Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

D'fhéadfadh na hardranganna an sórt caithimh a úsáidfidh siad a mhíniú ag baint úsáid as eolas Corpoideachas atá foghlamtha acu. Cur síos ar an tslí a chaitheann siad é? An úsáidfidh siad an lámh is láidre nó an lámh is laige acu? Cén fáth? Cén difear a dhéanfaidh sé? **(Gnéithe: Cumarsáid)**

**Réamhghníomhaíocht Roghnach: Vótáil (Gníomhaireacht na bPáistí)** (Sleamhnán 26) Dírigh aird na bpáistí ar na ceisteanna ar shleamhnán 26. Abair leo gur iadsan a bheidh ag déanamh na gcinntí maidir leis an ábhar a chaithfear agus faoin aonad méadrach a bheadh oiriúnach don tasc dá bharr. Is deis bhreise í seo chun na páistí a chur ag caint. **(Gnéithe: Cumarsáid/ Réasúnaíocht)**

**Comhrá** (Sleamhnán 27) Nuair a bheidh an ghníomhaíocht mhata curtha i gcrích acu, iarr ar na páistí comparáid a dhéanamh idir na meastacháin a bhí acu agus na tomhais. Is féidir leo na torthaí a phlé ina ngrúpaí - A*n meastachán ná ... An tomhas ná ... An difríocht idir an meastachán agus an tomhas ná...* ***(Gnéithe: Cumarsáid/Réasúnaíocht/Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)***

**Léiriú sonraí** (Sleamhnáin 28-30) Is féidir leis na páistí na sonraí atá acu a thaispeáint i ngraif. Is féidir leo graif a dhéanamh bunaithe ar an bhfad a thaisteal na huirlisí éagsúla nó comparáid a dhéanamh idir na meastacháin agus na faid. Nuair a bheidh na graif déanta is féidir leis na daltaí na sonraí a phlé. **(Gnéithe: Cumarsáid/Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

**Gníomhaíocht Bhreise Roghnach - Eitleáin pháipéir** (Sleamhnan 31) Chun an ghníomhaíocht seo a fhorbairt, déanfaidh na páistí a n-eitleán féin as páipéar chun fad a iniúchadh níos mó. Roinn an rang ina mbeirteanna, iarr orthu eitleáin pháipéir shimplí a dhéanamh. Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag caitheamh eitleáin pháipéir agus go mbeidh orthu fad an chaithimh a mheas agus a thomhas. Tá treoir don ghníomhaíocht seo ar shleamhnán 31.

**(Gnéithe: Tuiscint agus Ceangal/Cumarsáid/Réasúnaíocht/Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

## Iarchumarsáid agus Iarghníomhaiocht

Úsáid Gaeilge Laethúil mar Mhúnlóireacht ar an teanga nua go rialta trid an lá.

**Féinmheasúnú an pháiste** (Sleamhnán 32) Iarr ar na páistí an leathanach féinmheasúnaithe a líonadh isteach maidir le coicís 1. *Cuir ciorcal thart timpeall ar an aghaidh cuí chun do thuiscint a léiriú agus breac síos focail nó frásaí nua a d'fhoghlaim tú.*

**Tráth na gCeist ar Kahoot** (Sleamhnán 33). Tá naisc do dhá thráth na gceist shamplacha Kahoot ar shleamhnán 33 a bhaineann leis an gcóras méadrach agus fad.

**Gníomhaíocht Ghaeilge - Feasacht Teanga** (Sleamhnán 34) Feasacht Teanga faoin bhfocal 'ceintiméadar' atá i gceist anseo. Nasc chuig suíomh gréasáin atá anseo chun bunús focal tomhais a fhiosrú

**Aiseolas ceartaitheach:** Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://oide.ie/wp-content/uploads/2023/10/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf

| Trealamh | Tagairtí |
|---|---|
| • Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 1<br>• Teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers)<br>• Uirlisí tomhais: rialóir, slat méadair, roth tomhais, miosúir<br>• Nithe le caitheamh: pónaireán, liathróid leadóige, liathróid chispheile, friosbaí, sleá, mála tae | • Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Sonraíocht Teanga (2025)<br>• Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM (2025)<br>• Suíomh PMC Oide: https://pmc.oide.ie/<br>• Feasacht teanga: https://indifferentlanguages.in |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| **Nótaí an Mhúinteora:** D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó na matamaitice de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| --- |
| |